CINNEADH (AE) 2023/228 ÓN gCOMHAIRLE

an 30 Eanáir 2023

lena gceaptar triúr comhaltaí lena gceaptar beirt chomhaltaí mhalartacha, arna moladh ag Ríocht na Sualainne, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint don togra ó rialtas na Sualainne,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla agus sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 10 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/2157 ([2]), lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025.

(3) Tá suíocháin triúr comhaltaí ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Samuel GONZALEZ WESTLING, do Ulrika LANDERGREN agus do Tomas RISTE éirí as oifig.

(4) Tá suíocháin bheirt chomhaltaí mhalartacha ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Emma NOHRÉN agus do Alexander WENDT éirí as oifig.

(5) Mhol rialtas na Sualainne na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus sainordú toghchánach acu in údarás áitiúil, mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Márta AGUIRRE, *Ledamot i kommunfullmäktige, Sigtuna kommun* (Comhalta den chomhairle bhardasach, Bardas Sigtuna), Pär LÖFSTRAND, *Ledamot i kommunfullmäktige, Östersunds kommun* (Comhalta de chomhairle bhardasach, Bardas Östersund), agus, ar bhonn sainordú toghcháin eile, Tomas Riste, *Ledamot i ommunfullmäktige i Karlstad kommun* (Comhalta den chomhairle bhardasach, Bardas Karlstad).

(6) Mhol rialtas na Sualainne na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha iad agus sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Mätta Ivarsson, *Ledamot i regionfullmäktige, Réigiún Skåne* (Comhalta den chomhairle contae, Réigiún Skåne), agus Kristoffer TAMSONS, *Ledamot i regionfullmäktige, Region Stockholm* (Comhalta den chomhairle contae, Réigiún Stócólm),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha nó áitiúla iad agus sainordú toghchánach acu, chuig Coiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025:

(a) ina gcomhaltaí:

— Márta AGUIRRE, *Ledamot i kommunfullmäktige, Sigtuna kommun* (Comhalta den chomhairle bhardasach, Bardas Sigtuna),

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

([2]) Cinneadh (AE) 2019/2157 ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 327, 17.12.2019, lch. 78).

— Pär LÖFSTRAND, *Ledamot i kommunfullmäktige, Östersunds kommun* (Ball den chomhairle bhardasach, Bardas Östersund),

— Tomas Riste, *Ledamot i kommunfullmäktige i Karlstads kommun* (Comhalta den chomhairle bhardasach, Bardas Karlstad) (athrú sainordaithe),

agus

(b) ina gcomhaltaí malartacha:

— Mätta Ivarsson, *Ledamot i regionfullmäktige, Region Skåne* (Comhalta den chomhairle contae, Réigiún Skåne),

— Kristoffer TAMSONS, *Ledamot i regionfullmäktige, Region Stockholm* (Comhalta den chomhairle contae, Réigiún Stócólm).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Eanáir 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
P. KULLGREN